

Molláí Cúl



Irish Independent



# eureka



Maidhc Reascóp



Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)

Imleabhar 9, Eagrán 10  
5 Nollaig 2012

Irish Independent  Forlíonadh Eolaíochta do Scoileanna



## Nósanna na Nollag

Beidh an Nollaig linn go luath – an bhfuil tú ag súil go mór leis an spraoi agus an spórt ar fad a bhaineann leis an am seo den bhliain? An bhfuil nósanna áirithe ag do theaghlachsa? San eagrán seo d'Eureka, féachfaimid ar roinnt de thraidisiúin agus de nósanna na Nollag.

Is nós deas é bronntanais a mhalartú le daoine – is dócha go mbaineann gach duine sult as sin. Is traidisiún é sin atá níos sine ná 1500 bliain agus bíonn an-tábhacht leis i saol an lae inniu. Bíonn an-tóir ag páistí ar bhréagáin mar bhronntanais.

Is bréagáin cuíosach nua-aoiseach iad scútair, consóil agus Lego ach is breá le páistí seanbhréagáin freisin. Is féidir a lán bréagán a dhéanamh go simplí. Ar mhaith leat ceann a dhéanamh do chara? Tá roinnt moltaí in Eureka!

Is nós tábhachtach eile é béile a ithe in éineacht leis an teaghlach agus le cairde. In Éirinn, bíonn turcaí nó gé stuáilte, liamhás, prátaí, glasraí agus anlann monóg (cranberry) ag daoine don dinnéar traidisiúnta. Mar mhilseog, itheann siad maróg na Nollag, cáca Nollag nó pióga

mionra (mincemeat). Ach i dtíortha thar lear, itheann daoine iasc mar príomhchúrsa. In áiteanna ar leith, ní itheann na daoine feoil ar chor ar bith mar chuid de dhinnéar na Nollag.

In Éirinn, ceiliúraimid Lá Fhéile Stiofáin ar an 26 Nollaig. Is seantraidisiún é le dul amach 'ar an Dreoilín' – sa tóir ar dhreoilín bréige (fake wren). Téann daoine ó theach go teach ag canadh agus ag ceol agus ag bailiú airgid. Go minic, caitheann siad éide tuí agus masc. Tugaimid 'lucht an dreoilín' mar ainm orthu. Aon airgead a bhailíonn siad,

tugann siad é do charthanas (charity) áitiúil go hiondúil.

I seantraidisiún eile in Éirinn, lasann daoine coinneal san fhuinneog Oíche Nollag. Is comhartha fáilte é. Ach an ndearna tú machnamh riamh ar an eolaíocht a bhaineann le coinneal a lasadh? Lean ort ag léamh agus gheobhaidh tú breis eolais. Déan beagán taighde agus faigh amach faoi nósanna eile in Éirinn agus i dtíortha eile. Beidh Eureka ar ais le breis eolaíochta i mí Eanáir. Idir an dá linn, bain sult as saoire na Nollag.

## Coinnle an Cheiliúrtha



Leis na céadta bliain anuas, las daoine coinne nuair a bhí siad ag ceiliúradh an gheimhridh. Tugann coinne solas agus teas dúinn agus cuireann siad i gcuimhne dúinn go mbeidh tréimhsí fada gréine againn arís san earrach. Le fada an lá, is nós dúinn in Éirinn coinneal a lasadh san fhúinneog Oíche Nollag. San India, i Mí na Samhna is féile thábhachtach í Féile na Soilse nó Diwali. Mar chuid den fhéile seo, lasann daoine lampaí cré lán le híle. Seasann (represent) an Fhéile seo do bhua na maithe ar an olc.

Ar fud an domhain ceiliúránn Giúdaigh Hanukkah nó Féile na Soilse. I mbliana, beidh an ceiliúradh ar siúl idir an 8ú agus an 16ú lá de mhí na Nollag. Lasann na Giúdaigh coinne i 'menorah' – is coinneoir speisialta é an menorah. Ar an gcéad oíche, lasann siad an choinneal sa lár agus lasann siad coinneal amháin bhreise gach oíche. Lasann siad na coinnele eile ón gcoinneal láir sin. Ar an oíche dheiridh, bíonn naoi gcoinneal ar lasadh.

## Coinneal ag dó



Nuair a lasann tú coinneal, leánn an lasair an chéir (wax) atá in aice leis an bhfáideog (wick). Súnn an fháideog aníos an chéir leachtach (liquid). Éiríonn an chéir leáite seo an-te ar fad. Iompaíonn sí ina gal céarach (wax vapour). Is gás é an gal seo. Meascann an gás seo le hoscaigin agus dónn siad. Cuireann siad amach teas agus solas.



## Gníomhaíocht

### Rás na Lasracha



Ní féidir tine a lasadh gan **ocsaigin** (atá le fáil san aer). Uaireanta, séideann daoine ar lasracha sa tine mura bhfuil an tine ag lasadh go láidir. Lasann an t-aer breise seo an tine go láidir. Taispeánfaidh an gníomhaíocht seo duit go bhfuil gá le haer chun tine a lasadh.

**AIRE: Bí an-chúramach nuair atá tú ag lasadh coinne. Ná crom do cheann os cionn na coinne.**

#### Bunábhair:

- 3 choinneal bheaga ('tealights')
- Próca mór
- Próca beag
- Cipíní solais
- Tráidire gainimh

#### Treoracha:

1. Cuir na trí choinneal sa tráidire gainimh.
2. Go cúramach, las na trí choinneal.
3. Cuir an próca mór os cionn coinneal amháin, cuir an próca beag os cionn na coinnele eile. Cuir na prócaí orthu ag an am céanna. Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach, dar leat? Agus fág an tríú coinneal gan chlúdach. \_\_\_\_\_
4. **Breathnaigh** – cé acu coinneal is faide a dhóinn?
5. Bhí coinneal amháin ag dó níos faide ná na cinn eile. Cén fáth? \_\_\_\_\_


## Bréagáin

Léigh tú ar an gcéad leathanach gur breá le páistí bréagáin a fháil mar bhronntanas um Nollaig. Bíonn baint ag a lán bréagáin nua-aoiseach le scannáin agus cláir theilifíse, ach níor tháinig mórán athraithe thar na blianta ar bhréagáin áirithe, liathróidí, rabhlaithe (hoops), agus bábóga, mar shampla. Bhí bábóga ag muintir na Sean-Éigipte – deir daoine gurb iad na bréagáin is sine iad. Deir daoine gurb é an yó-yó an dara bréagáin is sine. (Ciallaíonn 'yó-yó' 'tar anseo, tar anseo'). Tá bréagáin an-chostasach. An bhféadfá bréagáin a dhéanamh mar bhronntanas? Seo moladh duit – déan cailéideascóp.



# Gníomhaíocht

## Dear agus déan cailéideascóp



An tseachtain seo caite, mhínigh Eureka duit an bealach a mbocálann solas ó gach rud, scáthán san áireamh. Má úsáideann tú cúpla scáthán, beidh tú in ann solas a bhocáil ó áit go háit. Sa bhliain 1816, rinne eolaí Albanach é seo agus d'airg sé an chéad chailéideascóp.

Má fhéachann tú isteach i gcailéideascóp, feicfidh tú a lán patrún daite áille. Taobh istigh de chailéideascóp, tá dhá scáthán, ar a laghad, agus seacainí (dioscaí beaga bídeacha drithlíneacha). Bocálann an solas ó na seacainí siar agus aniar idir na scátháin agus cruthaíonn sé seo na híomhánna daite áille.

### Bunábhair:

- Feadán cairtchláir .i. feadán ó thuáille cistine / páipéar leithris. Má úsáideann tú feadán ó thuáille cistine, gearr é ina dhá leath.
- Páipéar gréiscdhíonach
- Seiliteip nó bandaí leaisteacha
- Siosúr
- Seacainí nó réaltaí daite
- Scáthán plaisteach

### Treoracha:

1. Clúdaigh bun an fheadáin le páipéar gréiscdhíonach. Úsáid seiliteip nó bandaí leaisteacha chun an páipéar a choimeád socair.
2. Fill (fold) an scáthán i gcruth 'V'.
3. Gearr é sa chaoi gur féidir é a chur isteach san fheadán.
4. Sleamhnaigh an scáthán isteach san fheadán go dtí go sroichfidh sé an páipéar gréiscdhíonach ag bun an fheadáin.
5. Caith cúpla seacain isteach ar an bpáipéar gréiscdhíonach.
6. Coinnigh an feadán díreach agus féach isteach ann ar na patrúin áille sa chailéideascóp.

### Smaoinigh air seo:

Má chuireann tú scáthán eile isteach sa chailéideascóp, an bhfeicfidh tú níos mó seacainí? Cén fáth? \_\_\_\_\_



# Gníomhaíocht

## Dear agus déan cluiche cláir

Tá an-tóir (popular) ar chluichí cláir mar bhronntanais ach ní rudaí nua iad cluichí cláir - tá siad thart le 5000 bliain! An bhféadfá ceann a dhearadh agus a dhéanamh agus é a thabhairt

mar bhronntanas? Seo duit roinnt moltaí do cheisteanna ach táimid cinnte go mbeidh tú in ann do chinn féin a cheapadh freisin. Pleanáil agus scríobh do chuid rialacha féin freisin.

1 Tús	2	3 Cén bréagán a d'airg Albanach in 1816? Bog ar aghaidh 3 spás.	4	5 Ainmnigh an t-éan is lú in Éirinn. Bog ar aghaidh 2 spás.	6
7	8 Seans gurb iad seo na bréagáin is sine ar domhan. Bog ar aghaidh 3 spás.	9	10 Mhúch rud éigin an choinneal san fhuinneog. Bog siar 3 spás.	11	12 Cad is ainm d'Fhéile na Soilse san India? Bog ar aghaidh 2 spás.
13	14	15 Thit ceann de do bhréagáin agus tá sé briste anois. Bog siar 2 spás.	16	17 Cén t-éan é Rí na nÉan? Bog ar aghaidh 2 spás.	18
19	20 Cén t-ainm atá ar an gcoinnleoir atá in úsáid um Hanukkah? Bog ar aghaidh go 23.	21	22 Tá an sreangán briste ar do yó-yó. Bog siar go 9.	23	24 Críoch

### Bunábhair:

- Díisle
- Licíní (counters)

### Treoracha:

1. Cuir na licíní ar an gcearnóg a deir 'Tús'.
2. An duine a chaitheann an uimhir is airde ar an díisle, cuirfidh an duine sin tús leis an gcluiche.
3. Má thuirlingíonn tú ar threoir, lean í.
4. An duine is túisce a thuirlingíonn ar Uimhir 24, is aige/aici atá an bua.

# Rí na néan



Is é an dreoilín an dara héan is lú in Éirinn. Is é an cíorbhuí (goldcrest) an t-éan is lú. Níl an dreoilín ach 9 – 10 cm ó bharr a ghoib go bun a eireabaill. Meánn sé thart ar 10 g. Is éin bheaga ghnóthacha iad agus ní bhíonn siad socair ar feadh nóiméid, ach iad ag lorg feithidí agus damhán alla de shíor. Bíonn dreoilíní le feiceáil ar fud na tíre.

San earrach, tógann an dreoilín fireann (male) roinnt nead **cruinneachánach** (domed). Roghnaíonn siad áiteanna neamhghnácha (unusual) go minic – fiú i bpóca cóta a bhí ar crochadh i seid sa ghairdín! Ansin, tugann an dreoilín fireann cuireadh don dreoilín baineann (female) ceann dá neadacha a roghnú. Tar éis di an nead a roghnú, beireann sí 5 nó 6 ubh bhána, agus iad breactha dearg. Tagann na héin amach as na huibheacha tar éis coicíse nó mar sin. San idirlinn, iarrann an dreoilín fireann ar dhreoilín baineann eile ceann eile dá neadacha a roghnú agus leanann an scéal ar aghaidh.

Cén fáth a dtugann daoine 'Rí na néan' mar ainm ar an dreoilín beag bídeach? Deir **finscéal** (legend) amháin go raibh dáil (parliament) ag na héin. Ba mhian leo rí a roghnú. Shocraigh siad gurbh é an rí an t-éan a d'eitleodh níos airde ná na héin eile. D'eitil an t-iolar go hard sa spéir, níos airde ná na héin eile ar fad.

Ach nuair a d'éirigh sé tuirseach, d'eitil an dreoilín amach as cleití a eireabaill agus suas, suas leis níos airde arís.

## Comórtas Sheachtain na hEolaíochta



Go raibh míle maith agaibh as na hiontrálacha uile a chuir sibh isteach ar an gcomórtas. Fuair eamar a lán freagraí agus bhí an freagra ceart ar gach ceann, beagnach. Seo thíos na freagraí cearta:

1. Is fiacail é géarán.
2. Tá do scairt i do chliabhrach.
3. Is snámhaí é Michael Phelps.
4. Súnn crainn dé-ocsaíd charbóin.
5. Rugadh Bram Stoker i mBaile Átha Cliath.

6. Tugaimid an téarma inslitheoirí ar ábhair atá go maith chun teas a choimeád istigh.
7. Tá Sliabh Everest sna Himiléithe.
8. Is Ostarach é Felix Baumgartner.

Chuireamar na freagraí cearta uile i hata agus tharraingíomar amach iontráil an bhuaiteora. Cén rang a bhuaigh an dearbhán €50 do shiopa Eason: Rang a 6, SN Muire na Freastógála, Baile Bhaicín, Baile Átha Cliath 12

**Comghairdeas libh! Seolfaidh Eureka an dearbhán chugaibh.**

# eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

**Ionad Oideachas Eolaíochta**



Aistriúchán: Bairbre Ní Ógáin  
Eagarthóireacht: Pól Ó Cainín  
Taighde & Téacs: Paula Kilfeather,  
Cliona Murphy, Fiachra Ó Brolcháin &  
Janet Varley

Dearadh: INM Studio  
Scríobh chuig: Debbie Brennan, Eureka,  
Irish Independent, 27-32 Sráid Thalbóid, BÁC 1  
Líne do Chustaiméirí: 023 8863850 nó  
Cuir ríomhphost chuig:  
eureka@independent.ie  
www.independent.ie/eureka

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



**Freagraí ar an gCluiche Clair**

3. Breagán a d'airg Albanach in 1816? Cailidéascóp
5. An t-éan is lú in Éirinn? An cíorbhuí
8. Na breagáin is sine? Báboga
12. Féile na Soilse san India? Diwali
17. Rí na néan? An dreoilín
20. An coimleoir um Hanukkah? Menorah

Tá sé tabhachtach na prócaí a chur orthu ag an am céanna chun go mbeidh an tástáil cothrom. An choinneal gan phrúca, bhí sí ag dó níos faide ná na cinn eile mar go raibh a lán aeir (ina bhfuil ocsaigín) thart uirthi. An choinneal a bhí faoin bprúca beag, ní raibh ach beagáinín ocsaigine aici, agus mar sin, nuair a dhóigh sí an ocsaigín, mhúch sí an lasaí go tapa.

**Freagraí ar Rás na Lasracha**